

1. Cad a rinne tú an tseachtain seo? What did you do this week?
Bhí mé ag ... *I was at ...*
Chuaigh mé go (dtí an) ... *I went to (the) ...*
Chonaic mé ... *I saw ...*
D'ith mé ... *I ate ...*

2. An itheann tú feoil? Cén saghas bia is maith leat? Do you eat meat? What kind of food do you like?

3. Ar ith tú riamh bia a d'fhás tú féin nó a fuair tú ó do chuid ainmhithe féin? Did you ever eat food you grew yourself, or that you got from your own animals?

4. An maith leat ficsean na staire a léamh? Do you like to read historical fiction?

Ó Braonáin Abú! (Seán Ua Cearnaigh)

Brennan Forever!

1. Breá sásta a bhí Colm Ó Cionfhaola leis féin an Luan álainn úd i dtús mhí Iúil na bliana 1799 (seacht gcéad nócha a naoi). Colm Connolly was quite happy that lovely Monday at the beginning of July of the year 1799.
2. Bhí saoire aige ón scoil! Bhí an scoil chéanna, scoil cois claí, i nGort Íseal, cúpla míle óna bhaile féin, agus fear óg ó Chiarraí ag teagasc ann. He had a holiday from school. The school, a hedge school, in Gorteeshal, was a few miles from his own village and there was a young man from Kerry teaching in it.
3. Cé gur thaitin an scoil, na daltaí eile agus an múinteoir go breá le Colm, b'aoibhinn leis briseadh an tsamhraidh. Although Colm really liked the school, the other students, and the teacher, he loved the summer break.
4. Bheadh sé ag bualadh lena chairde agus spraoi leo. He would be meeting with his friends and having fun with them.
5. Bheadh sé ag bualadh lena athair freisin, ach níor mhiste leis é sin. He would be meeting with his father, too, but he didn't care about that.
6. Ba bhreá leis obair na feirme bige, agus a fhios aige cé chomh rite agus a chuaigh sé lena athair bocht riar a gcoda a sholáthar dá chlann. He loved the work of the little farm, and he knew how his poor father was barely able to provide enough for his family.
7. Aon bhliain déag d'aois a bhí Colm, an gasúr ba shine de chlann Mhuiris agus Mháire Uí Chionfhaola, beirt dheartháir agus beirt dheirfiúr aige. Colm was eleven years old, the oldest child of the family of Muiris and Mary Connolly, having two brothers and two sisters.
8. Bhí a dhaid breoite le tamallín. His dad had been sick for a little while.
9. Mar sin, b'éigean do Cholm an dá bhó a bhleán agus an cró a ghlanadh roimh bhricfeasta, ach anois bhí sé saor chun a rogha rud a dhéanamh. So, Colm had to milk the two cows and clean out the stable before breakfast, but now he was free to do whatever he wanted.
10. Rug sé leis a chamán. Camán breá a bhí ann, a rinne Eoinín Bán, siúinéir, dó. He took his caman with him. It was a fine caman, that Fair Johnny, the carpenter, made for him.

11. Bhí liathróid bheag aige a cheannaigh sé sa bhaile mór. He had his little ball that he bought in the big town.
12. Síos an bóithrín beag ar chúl an tí leis, agus súil aige go gcasfaí Seán Ó Néill air. He went down the little road at the back of the house, hoping that he would run across Sean O'Neal.
13. Bhí camán ag Seán freisin, agus thiocfadh leo báire a bhualadh i gceann éigin de na páirceanna. Sean also had a caman, and they could have a match in one of the fields.
14. Tásc ná tuairisc ní raibh ar Sheán, áfach. There was no sign of Sean, though.
15. Is ar éigean a bhí Colm amuigh ar an mbóthar mór gur cuireadh forrán air. Colm was barely out on the road when someone spoke to him.
16. Muirisín Ó hÉalaithe a bhí ann, buachaill críonna cliste. It was Muirisin Healey, a smart older boy.
17. Bhí a mhadra leis, brocaire beag buí. His dog was with him, a small gold terrier.
18. “Caith uait an camán sin agus bí liom ar thóir coiníní,” a dúirt sé. “Throw that caman away from you and be hunting rabbits with me,” he said.
19. “Tá raidhse díobh le fáil thall ar riasc Mhic Giobúin, agus fosc ar Spota chun teacht orthu.” “There are a lot of them to get over on MacGibbon’s moor, and Spot is eager to find them.”
20. Madra míofar mísciamhach ab ea Spota, ach gadhar níos éifeachtaí ná é i mbun seilge ní raibh i gcontae fairsing Thiobraid Árann. Spot was an ugly dog, but there wasn’t a better hound for hunting in the wide county of Tipperary.
21. Agus nach ndéanfadh stobhach coinín dinnéar blasta do mhuintir ocrach Uí Chionfhaola! And wouldn’t a rabbit stew make a delicious dinner for the hunger Connelly family?
22. Nó b’shin a shíl Colm. Mar sin, ghlac sé go fonnmar le cuireadh a charad. Or that’s what Colm thought. So, he eagerly accepted his friend’s invitation.
23. Réimse íseal talún ab ea riasc Mhic Giobúin, ar phortach cuid mhaith de, breac le haiteann agus fraoch. MacGibbon’s moor was a low area of land, of which a large portion was a bog covered with furze and heather.

24. Na céadta poll coinín ann, iad uile faoi cheilt, nach mór, ach bhí srón ghéar ar Spota agus níorbh fhada gur aimsigh sé iad. Hundreds of rabbit holes there, just about all of them hidden, but Spot had a sharp nose and it wasn't long until he found them.
25. Taobh istigh d'uair an chloig, bhí leathscór coinín aimsithe aige agus na buachaillí iontach sásta leo féin. Within an hour, he had found ten rabbits and the boys were very happy.
26. Labhair Colm: "Sílim, a Mhuirisín, go bhfuil ár sáith againn anois, cúig cinn duitse agus cúig cinn domsa. Beidh sceitimíní ar ár muintir." Colm spoke: "I think, Murisin, that we have enough now, five for you and five for me. Our folks will be excited."
27. "Beidh, a bhuachaill. Ligimis ár scíth anois ar feadh scathaimh." "They will be, boy. Let's rest now for a bit."
28. Chuir Muiris cluas le héisteacht air féin: "Éist, a Choilm! Sin torann capaill. Muiris listened carefully: "Quiet, Colm! That's the sound of a horse.
29. Cé a bheadh ag teacht an treo an tráth seo de mhaidín? Saighdiúir, b'fhéidir, nó gíománach! Who would be coming this direction at this time of morning? A soldier, perhaps, or a coachman.
30. Síos, a bhuachaill! Crom síos agus b'fhéidir nach bhfeicfear sinn." Down, boy! Hunker down and maybe we won't be seen."
31. Chrom na buachaillí síos taobh thiar de thom aitinn. The boys hunkered down behind a furze bush.
32. D'fhéachadar síos an lána go bhfacadar capall mór dubh, marcach meánaosta ar a mhuin agus cuma an diabhail air! They looked down the lane until they saw a big black horse, a middle-aged rider on his back, and the look of the devil on him.
33. "Sin Annraoi Mór Marlowe, gníomhaire an tiarna talún," a dúirt Colm. That's Big Henry Marlowe, agent of the landlord," said Colm.
34. "Agus drochfhuadar faoi ... N'fheadar cén fáth?" "And in a terrible hurry ... I wonder why?"

Ceisteanna

Questions

- | | |
|---|---|
| 1. Cén bhliain ina dtarlaíonn an scéal seo? | In which year does this story happen? |
| 2. Cén fáth go raibh Colm sásta? | Why was Colm happy? |
| 3. Ar thaitin an scoil le Colm? | Did Colm enjoy school? |
| 4. Cén aois a bhí Colm? | How old was Colm? |
| 5. Cén fáth nach raibh Colm in ann iománaíocht a imirt? | Why couldn't Colm play hurling? |
| 6. Cé hé Muirisín? | Who is Muirisín? |
| 7. An madra álainn é Spot? | Is Spot a pretty dog? |
| 8. Cad a rinne Colm, Muirisín agus Spot? | What did Colm, Muirisín and Spot do? |
| 9. Cé a bhí ar an gcapall dubh? | Who was on the black horse? |
| 10. Meas tú, an dea-scéal é fearr an chapail dhuibh a bheith ag teacht? | Do you think the coming of the man on the black horse is good news? |
| 11. Ar choimeád tú ainmhithe feirme riabh? | Did you ever keep farm animals? |
| 12. Ar ith tú coinín riabh? | Did you ever eat rabbit? |